| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú i rith na seachtaine? | What did you do during the week? |
| **2.** | An ndeachaigh tú riamh go hÉirinn? | Did you ever go to Ireland? |
| **3.** | Cén áit in Éirinn is fearr leat, nó ainmnigh ceann de na háiteanna is maith leat nó gur mhaith leat dul ann. | What is your favorite place in Ireland or name one of the places you like or would like to go. |
| **4.** | Cén bia Éireannach a thaitníonn leat? | What Irish food do you like? |
| **5.** | Ainmnigh áit taobh amuigh d'Éirinn a thaitin go mór leat mar gheall air a áilleacht. | Name a place outside of Ireland that you really liked because of it's beauty. |

| | | |
|---|---|---|
| | ***Aillte an Mhothair***<br>**TG4 ar SnasTV** | ***The Cliffs of Moher***<br>**TG4 on SnasTV** |
| **1.** | **Siún Nic Gearailt**: Tá córas nua-aimseartha, idirghníomhach curtha ar bun ag Ionad Aillte an Mhothair i gContae an Chláir, chun blaiseadh de na radharcanna sa cheantar a thabhairt do chuairteoirí. | **Siún Nic Gearailt**: A modern interactive system has been set up at the Cliffs of Moher Center in County Clare, to give visitors a taste of the sights in the area. |
| **2.** | Córas é seo atá dírithe ar thurasóirí, ach go háirithe nuair a bhíonn sé ag báisteach agus nach féidir na faillte a fheiscint. | This is a system that is directed at tourists, especially when it is rainy and not possible to see the cliffs. |
| **3.** | **Tomás Ó Mainnín**: Lá eile báistí ar chósta an Iarthair agus cuairteoirí ag iarraidh sásamh a bhaint as Aillte an Mhothair. | **Tomás Ó Mainnín**: Another rainy day on the West Coast as tourists try to enjoy the Cliffs of Moher. |
| **4.** | Do chuid acu, áfach, loiteann an síorbháisteach, an ceo agus *leagaíocha* sa phluda an turas. | For some of them, however, the continual rain and fog and falling in the mud ruins the trip. |
| | Tá Aillte an Mhothair ar an láthair nádúrtha is mó in Éirinn a tharraingíonn cuairteoirí, le os cionn milliún duine ag teacht anseo gach aon bhliain anois. | The Cliffs of Moher is the natural location in Ireland that most draws visitors, with over a million people coming hear every year now. |
| **6.** | Ach nuair a thagann cuid acu anseo níl rompu ach ceo agus báisteach agus gan aon radharc ar na *faillte* diamhracha a mheall iad sa chéad áit. | But when some of them come here, there is nothing for them but fog and rain and no view of the mysterious cliffs that attracted them in the first place. |
| **7.** | Chun blaiseadh de na radharcanna a thabhairt do chuairteoirí nuair nach bhfuil an radharc glan, tá córas nua léirithe idirghníomhach curtha in áit anseo. | To give tourists a taste of the sights when the view isn't clear, a new interactive display system has been put in place here. |
| **8.** | Tá amharclann san ionad agus físeán a thugann léargas fíorúil 4D do na cuairteoirí curtha isteach. | There is a theater in the center and a video installed that gives the visitors a virtual 4D view. |
| **9.** | Tugann gainéad an lucht féachana ar thuras timpeall na *bhfaillteacha*, sula dtumann sí ina saighead faoin bhfarraige. | A gannet takes the audience on a trip around the cliffs, before dives as an arrow under the sea. |
| **10.** | Tugann an scannán léargas ar an ndomhan fo-thoinn, sula n-éiríonn an gainéad arís agus a thugann turas os cionn na farraige go barr na *bhfaillteacha*. | The film gives a view of the world under the waves, before the gannet rises again and makes a trip above the sea to the top of the cliffs. |
| **11.** | Braitheann an lucht féachana idir ghaoth agus sprae na farraige agus na haimsire ar a dturas fíorúil. | The audience feels wind, sea spray and the weather on their virtual journey. |

**12.** Áirítear gur córas ar leith é seo agus infheistíocht mhór san ionad atá in úinéireacht Chomhairle Contae an Chláir.

This is a unique system and a great investment in the center that is owned by the Clare County Council.

**13.** **Tomás Ó Mainnín**: Geraldine, cé mhéad a chosain an togra seo ar fad?

**Tomás Ó Mainnín**: Geraldine, how much did this whole project cost?

**14.** **Geraldine Enright, Bainisteoir, Ionad Aillte an Mhothair**: Chosain an togra seo €320,000 (trí chéad is fiche míle euro).

**Geraldine Enright, Manager, Cliffs of Moher Center**: This project cost €320,000.

**15.** **Tomás Ó Mainnín**: Do chuairteoirí, deir siad gur mór an seó é.
**Cuairteoir**: *It was beautiful, simply. And the nature is great, famous.*

**Tomás Ó Mainnín**: For visitors, they say it's a great show.
**Visitor**: It was beautiful, simply. And the nature is great, famous.

**16.** **Tomás Ó Mainnín**: Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 (T-G-ceathair) ag Aillte an Mhothair.

**Tomás Ó Mainnín**: Tomás Ó Mainnín, TG4 News at the Cliffs of Moher.

| Ceisteanna | Questions |
|---|---|
| **1.** Cá bhfuil Aillte an Mhothair? | Where are the Cliffs of Moher? |
| **2.** Conas atá an aimsir sa mhír? | How is the weather in the clip? |
| **3.** An bhfuil na turasóirí ag baint taitneamh as an aimsir, dar leat? Cén fáth a ndeir tú é sin? | Are the tourists enjoying the weather, do you think? Why do you say that? |
| **4.** An dtaitníonn an físeán leis na cuairteoirí? | Do the visitors like the film? |
| **5.** Conas atá an aimsir inniu? | How is the weather today? |
| **6.** Ar thug tú cuairt ar Aillte an Mhothair riamh? Cad a cheap tú faoin turas? | Did you ever visit the Cliffs of Moher? What did you think of the trip? |
| **7.** Conas a bhí an aimsir an uair dheireanach a thug tú cuairt ar cheantar a bhfuil radhairc áille ann? | How was the weather the last time you visited an area where there were beautiful views? |
| **8.** Samhlaigh go bhfuil tú ag tabhairt cuairt ar Aillte an Mhothair ar lá báistí agus go bhfuil ceo ann. Conas a chuireann an aimsir isteach ar an turas? | Imagine that you are visiting the Cliffs of Moher on a rainy day and that there is fog. How does the weather interfere with the trip? |